

SOITHEACH SMUIGILÉARA

Fear i nIorras mór a raibh long smuigiléara aige. Lá a raibh sé ag teacht bhí bád an rí i mbéal an chuain. Tháinig cailleadh Ultach isteach ag á na bhean. Thug sí di plaoisc uibhe. Dubhairt sí léithe í a chaitheamh sa bhfairrge. Chaith. Rinne an plaosg long bhreágh. Sheol sí amach go raibh sí os cionn bád an rí. Lean bád an rí í ó thuaidh. Chuaidh an bád sidhe go ndeachaidh sí isteach i gcuan an Mhódha Dhuibh. Nuair a tháinig bád an rí isteach sa gcuan ní raibh le feiceál aca ach plaosg uibhe ar bharr na dtonn. Tháinig bád an smuigiléara isteach slán.

Oileán'Chártha idir Cruach na Cara agus Oileán Maisínn. Briseadh long ar an oileán seo agus bhí chuile shórt innte. Fritheadh a mbunáite, cuireadh suas ar an oileán í. Ní raibh cur síos ná innseacht sgéal uirthé.

Tháinig soitheach i dtír ar Inis Bigir. Tháinig soitheach i dtír ar Oileán a'Bhromaigh bhí os cionn míle sail innte. Bhí athair Josie Mongan ag an long sul má tháinig na coastguards. Ba leis an salvage. Bhí saltracha ó Chruach na Caoile go hInis Músgraidhe. D'fhéadfá siubhal ortha sa bhfairrge. Fuair Mongan os cionn míle aca.

Díoladh na saltracha le athair Mháirtín Mhóir. Ní dhíolfadh an Sasanach ar leis an lucht salvage le Mongan. Chuir sé an dlighe air. B'éigin dó dul go Londain. Micilín Phatsa Ó Domhnaill, chuaidh sé ag déanamh fiadhnaise. Chuir sé an paidrín timcheall ar a mhuiníl. Tá an seanchus seo ag Josie.